*LEABHRÁN FAISNÉISE*

Comórtas le haghaidh Ceapadh chuig an bPost seo:

**Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha**
**Grád an Phríomhoifigigh**

**Dáta deiridh: Dé hAoine an 20 Feabhra 2026 ag 3.00 p.m.**

**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN COIMISIÚN PLEANÁLA**

**Eanáir 2026**

| | |
|---|---|
| **TEIDEAL AN PHOIST**: | Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha - Grád an Phríomhoifigigh |
| **CINEÁL AN PHOIST:** | Post buan lánaimseartha oifigbhunaithe |
| **LÁTHAIR:** | 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 |

## Cúlra

Is é an Coimisiún Pleanála comhlacht pleanála náisiúnta na hÉireann atá freagrach as cinntí neamhspleácha tráthúla garbhreithiúnacha a dhéanamh i ndáil le hachomhairc a eascraíonn as cinntí údaráis pleanála agus as iarratais dhíreacha a bhaineann le tionscadail bhonneagair straitéisigh. Táimid freagrach freisin as cinneadh a dhéanamh ar thograí le haghaidh fáil éigeantach talún ag údaráis áitiúla, i measc raon feidhmeanna eile pleanála atá againn.

Is faoi reachtaíocht pleanála chasta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a oibríonn an Coimisiún Pleanála. Bunaíodh sinn an 18 Meitheamh 2025 faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus gaireadh an Bord Pleanála (a bunaíodh sa bhliain 1977) dínn roimhe sin.

Mar gheall ar na móréilimh oibríochtúla mhéadaithe a leagtar ar an gCoimisiún Pleanála, teastaíonn cur chuige eagraíochtúil nuadhírithe chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha ar fud an Choimisiúin ionas gur féidir leis an sainordú atá aige agus ionchais an phobail a chomhlíonadh.

Is féidir tuilleadh mionsonraí faoi ról agus obair an Choimisiúin Pleanála a aimsiú ag www.pleanala.ie

## 1. Cuspóir an Róil

Tá ról an Stiúrthóra Gnóthaí Corparáideacha ina ról ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht agus forbairt straitéiseach a sholáthar i leith fheidhmeanna corparáideacha an Choimisiúin. Is don Phríomhoifigeach a thuairiscíonn an ról seo faoi láthair. Ag obair dó/di mar chuid den Fhoireann fhoriomlán Bainistíochta Feidhmiúcháin, cabhróidh an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin cuspóirí foriomlána an Choimisiúin Pleanála a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus i bpleananna bliantúla gnó/soláthair.

Tá an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha ina c(h)omhalta den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus den Choiste Bainistíochta.

**Caidrimh:**
Déanann an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha caidreamh laethúil leis an lucht ardbhainistíochta agus le baill foirne ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach, Stiúrthóirí eile, agus an Bord Rialaithe, de réir mar is gá.

Déanann an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha idirchaidreamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ár máthair-Roinn, ar bhonn míosúil agus ar bhonn ráithiúil mar chuid de Thuairisciú Rialachais foriomlán, le Ranna eile Rialtais, le heagraíochtaí earnála poiblí, agus le geallsealbhóirí eile.

Is é atá i gceist le ról an Stiúrthóra Gnóthaí Corparáideacha ná foireann a threorú chun straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar mhaithe le cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach, agus é/í ag cinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtúil éifeachtach agus go mbaintear an chuid is fearr astu, ag brú an phróisis feabhsúcháin leanúnaigh chun cinn agus ag cloí leis an dea-chleachtas.

Beidh freagracht dhíreach ar an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha as na réimsí gnó seo a leanas (Féach an t-eagraghram ag deireadh an leabhráin):

- Acmhainní Daonna (lena n-áirítear nithe foghlama agus forbartha agus nithe caidrimh thionsclaíoch),
- Airgeadas,
- Bainistíocht Comhshaoil Saoráidí (Foirgnimh agus Cóiríocht),
- Bonneagar TFC (faoi réir athrú)

Déanfaidh an t-iarrthóir rathúil freagracht chuí as seirbhísí corparáideacha a sholáthar a tharmligean trí na daoine a dtuairisceoidh go díreach dó/di, agus cuntasacht agus freagracht fhoriomlán as na réimsí a thagann faoi shainchúram an Stiúrthóra Gnóthaí Corparáideacha a sholáthar á gcoinneáil aige/aici.

Beidh ról ag an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha sa phróiseas bainistíochta riosca agus i bpleanáil/ullmhú straitéiseach pleananna bliantúla soláthair i gcoitinne. Beidh ról ag an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha i gCumarsáid freisin.

## Freagrachtaí

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhfhreagrachtaí:

**Bainistíocht Straitéiseach**

- Forbairt a dhéanamh ar threo straitéiseach an Choimisiúin le haghaidh Gnóthaí Corparáideacha, agus straitéisí malartacha a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar dóigh dóibh a bheith acu agus

meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá siad maidir le cuspóirí a bhaint amach.

- Na spriocanna atá leagtha síos ag an gCoimisiún a léirmhíniú chun an clár oibre bliantúil le haghaidh Gnóthaí Corparáideacha a cheapadh.
- Faireachán leanúnach a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcuspóirí agus na n-amlínte atá leagtha amach sa chlár oibre bliantúil le haghaidh Gnóthaí Corparáideacha trí chaidreamh a dhéanamh le baill foirne agus le geallsealbhóirí eile, rud ar cheart go dtacódh sé le cuspóirí foriomlána an Choimisiúin a bhaint amach.
- Cúnamh a thabhairt don Phríomhoifigeach an clár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí agus tionscnaimh um bainistíocht athruithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is gá.
- Comhairle a thabhairt maidir le struchtúir inmheánacha riachtanacha trí phleanáil fórsa saothair agus trí chleachtais straitéiseacha acmhainní daonna, chun a chinntiú go mbíonn an Coimisiún in ann oiriúnú do na leibhéil éagsúla éilimh ar a sheirbhísí nó dá fheidhmeanna féideartha nua.
- Rannchuidiú leis an bpróiseas Pleanála Bliantúla ach ionchur a bhailiú trí chaidreamh a dhéanamh le baill foirne agus le geallsealbhóirí eile.
- Obair go dlúth le húinéirí riosca chun rioscaí agus gníomhartha maolaitheacha gaolmhara a shainaithint agus stádas na rioscaí agus na ngníomhartha sin a bhainistiú, agus tuairisciú, de réir mar is gá, ar phríomhrioscaí straitéiseacha agus eagraíochtúla.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a mbítear ag cloí le ceanglais rialála agus le dea-chleachtais ar fud gach feidhme seirbhíse corparáidí.
- A chinntiú go gcumasaítear d’fheidhmeanna Gnóthaí Corparáideacha freastal ar dhúshláin na heagraíochta a bhíonn ag fás, lena n-áirítear oll-earcaíocht, imeascadh agus tacaíocht foirne.
- Beartas eagraíochtúil agus cleachtais eagraíochtúla a bhrú chun cinn chun cultúr áit oibre a sholáthar atá éagsúil agus cuimsitheach agus atá ailínithe le luachanna eagraíochtúla agus luachanna earnála poiblí agus a chomhlíonann ceanglais oibre na timpeallachta rialála.
- Caidrimh láidre a chothú le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.
- An t-eolas is deireanaí a thabhairt don Choiste Bainistíochta/don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus don Bhord Rialaithe, agus tuairisciú dóibh, i ndáil le Gnóthaí Corparáideacha agus le nithe eile, de réir mar is gá.
- Léargas a bheith aige/aici ar an tionchar a imríonn cinntí suntasacha ón gCoimisiún agus treoir a thabhairt trí chumarsáidí/teachtaireachtaí atá dírithe ar an bpobal.
- Dul i dteagmháil leis an Rialtas láir (go háirithe an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) thar ceann an Choimisiúin i ndáil le hacmhainní agus le beartas araon agus tacú le gníomhaíochtaí eile amhail iarrataí atá bunaithe ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, ar Chosaint Sonraí agus ar Cheisteanna Parlaiminte, etc.

**Oibríochtaí agus Feidhmíocht**

Riar Gnóthaí Corparáideacha a oibriú agus a bhainistiú:

- Gníomhaíocht a chomhordú ar bhonn laethúil trí Chinn Feidhme, agus obair foirne agus éifeachtacht á n-uasmhéadú ar fud na heagraíochta.
- Cinnteoireacht laethúil a tharmligean chuig Cinn Feidhme, i gcás gur cuí.
- A chinntiú go soláthraítear faisnéis bainistíochta go tráthrialta don Phríomhoifigeach agus don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a mbítear ag cloí le reachtaíocht fostaíochta, le hiniúchtaí airgeadais agus le ceanglais earnála poiblí agus ar rialachas ina leith sin.
- A chinntiú go bhféachtar ar an lucht acmhainní daonna mar chomhpháirtí straitéiseach gnó ar fud na heagraíochta, agus formhaoirseacht á déanamh ar fhorbairt na straitéise acmhainní daonna ar aon dul leis an dea-chleachtas chun an eagraíocht a fhás agus chun na dúshláin atá roimpi a shárú.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le ceardchumainn iomchuí agus le hionadaithe fostaithe iomchuí chun a chinntiú go ndéileáiltear le nithe caidrimh fostaithe ar bhealach réamhghníomhach éifeachtach.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú acmhainní airgeadais agus bhuiséad leithdháilte an Choimisiúin, agus an luach is fearr ar airgead á bhaint amach.
- Tacú leis an gCeann Airgeadais a chinntiú go mbíonn rialuithe agus faireachán cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear iniúchtaí inmheánacha tráthrialta críochnúla i gcrích go rathúil.
- Tacaíocht a thabhairt don Oifigeach Iniúchóireachta agus Riosca agus caidreamh a dhéanamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar an bplean le haghaidh acmhainne agus inscálaitheachta chun tacú le fás agus dearadh sa Choimisiún.
- Réitigh athshlánúcháin ó thubaiste a chur chun feidhme chun córais agus sonraí ríthábhachtacha a chosaint.
- Líonraí gníomhacha teagmhálaithe cuí a choinneáil ar bun chun feasacht a chinntiú ar shaincheisteanna éiritheacha agus ar an dea-chleachtas reatha/atá ag teacht chun cinn ó thaobh Seirbhísí Corparáideacha de.
- Tionscnaimh straitéiseacha a threorú a bhaineann le forbairt beartais agus le caidreamh fostaithe/tionsclaíoch.
- Tabhairt faoi aon dualgais bhreise a shannfaidh an Príomhoifigeach ó am go ham.

Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur eagraíocht fhreagrúil sholúbtha é an Coimisiún. Dá bhrí sin, is féidir, le himeacht ama, go sannfar iad chun tabhairt faoi thionscadail agus dualgais eile seachas iad sin atá sonraithe, ar tionscadail iad a bheidh cuí do ról agus grád an Stiúrthóra Gnóthaí Corparáideacha. Ina theannta sin,

i bhfianaise athruithe struchtúracha a rinneadh le déanaí, is féidir go dtiocfaidh athrú ar chaidrimh thuairiscithe.

## 2. Cáilíochtaí agus Taithí

Ní mór d’iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu an 20 Feabhra 2026 nó roimh an dáta sin:

1. Cáilíocht ardoideachais (Leibhéal 8 QQI ar a laghad, nó a choibhéis) i gceann amháin nó níos mó de na disciplíní seo a leanas: Acmhainní Daonna, Airgeadas, TFC, Riarachán Gnó, Bainistíocht Phoiblí, Reachtaíocht agus Beartas. Tugtar tosaíocht do cháilíochtaí breise, amhail Máistreacht agus cáilíochtaí eile,
2. Taithí seacht mbliana ar a laghad i ról ardbhainistíochta san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach,
3. Taithí iomchuí i ról den chineál céanna a bhaineann le claochlú digiteach, eagraíochtúil agus cultúrtha a sholáthar go héifeachtach i dtimpeallacht oibríochtúil chasta,
4. An cumas chun a léiriú go sealbhaíonn siad na scileanna, an acmhainn agus an cuntas teiste ar leibhéal sách sinsearach i mbainistíocht, i bhformhaoirseacht agus i gcaidreamh le geallsealbhóirí chun claochlú digiteach lena ngabhann soláthar rathúil athruithe a bhrú chun cinn i nGnóthaí Corparáideacha,
5. Cuntas teiste láidir ina ngairm go dtí seo, agus sárthaithí ardbhainistíochta agus ardcheannaireachta á léiriú acu,
6. Cumas cruthaithe chun foirne ildisciplíneacha a threorú agus a spreagadh, chun athchóiriú poiblí a bhrú chun cinn laistigh den Choimisiún, agus chun cultúr comhoibrithe agus nuálaíochta a chothú,
7. Sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus idirbheartaíochta, agus an cumas chun tionchar a imirt ar gheallsealbhóirí ar gach leibhéal,
8. Meon straitéiseach, agus an cumas chun treochtaí éiritheacha a réamh-mheas, chun rioscaí a mheasúnú, agus chun straitéisí réamhghníomhacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin,
9. An cumas chun a thaispeáint go sealbhaíonn siad na hinniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 2 a ghabhann leis an leabhrán seo.

Ina theannta sin, is ceanglais **inmhianaithe** iad na ceanglais seo a leanas:

- Taithí ar fhoirne Seirbhísí Corparáideacha a threorú agus a bhainistiú agus ar thacú le forbairt agus athrú eagraíochtúil ar leibhéal sinsearach.
- Eolas ar reachtaíocht, go háirithe reachtaíocht pleanála agus comhshaoil, agus ar thionchar na reachtaíochta sin ar ról an Choimisiúin.

- Eolas ar an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol agus ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- Eolas oibre ar reachtaíocht fostaíochta earnála poiblí na hÉireann agus ar chórais ghaolmhara chaidrimh thionsclaíoch.
- Taithí ar dhéileáil le comhlachtaí ionadaíocha foirne agus le sásraí réitigh tríú páirtí.
- Cumas chun faisnéis chasta éagsúil a anailísiú agus chun an fhaisnéis sin a chur in iúl go héifeachtach do chomhghleacaithe.
- Cumas chun glacadh leis na leibhéil freagrachta agus chuntasachta a theastaíonn chun raon feidhmeanna bainistíochta a chomhlíonadh agus a bheith compordach na freagrachtaí sin a chomhlíonadh go poiblí ó am go ham.
- Tuiscint ar chórais chasta TFC agus ar theagmháil le heagraíochtaí agus ranna is comhpháirtithe
- Eolas ar phróisis soláthair earnála poiblí.

## 3. Sonraíocht faoin bPearsa

Ba cheart don iarrthóir is fearr:

- A bheith ina c(h)eannaire láidir dinimiciúil, agus é/í ina t(h)ionchaire agus ina c(h)omhoibrí éifeachtach atá in ann athruithe dearfacha a bhrú chun cinn.
- An cumas a bheith aige/aici cumarsáid a dhéanamh agus caidrimh a thógáil.
- An cumas a bheith aige/aici baill foirne a threorú, a bhainistiú, a spreagadh agus a chumhachtú chun comhfhís a shaothrú agus a bhaint amach.
- A bheith athléimneach agus nuálach chun coinneáil le tionscadail go deireadh.
- A bheith iontaofa agus ionraic.
- A bheith paiseanta faoi rannchuidiú le cultúr dearfach áit oibre a fhorbairt go leanúnach, áit a bhfuil meas ar fhostaithe agus a dtacaítear leo.
- Tuiscint shoiléir a bheith aige/aici ar ról an Choimisiúin Pleanála sa chóras pleanála, agus tiomantas a bheith aige/aici don ról sin, mar aon le heolas agus tuiscint ar na dúshláin a thagann roimh an gCoimisiún.
- Luachanna eiseamláireacha earnála poiblí, amhail neamhchlaontacht agus ionracas, a thuiscint agus a bheith tiomanta do na luachanna sin a choinneáil ar bun i gcónaí.

## 4. An Próiseas Roghnúcháin

De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear le haghaidh poist ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais, is féidir go gcinnfidh an Coimisiún Pleanála nach ngairfear ach líon áirithe iarrthóirí chun agallaimh i gcás nach mbeadh sé praiticiúil na hiarrthóirí uile a thabhairt ar aghaidh

chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar phost.

Chuige sin, úsáidfear próiseas gearrliostaithe a bheidh bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais agus ar na ceanglais bhunriachtanacha agus inmhianaithe le haghaidh na bpost chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a chuirfear faoi agallamh, ar daoine iad a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar conas a chomhlíonann do scileanna, do bhuanna pearsanta, do cháilíochtaí agus do thaithí ceanglais bhunriachtanacha agus inmhianaithe an phoist.

**Is féidir go mbeidh** roinnt de na nithe seo a leanas i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas, ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach.
- Agallamh iomaíoch, ar féidir go mbeidh cur i láthair i gceist leis.
- Iarrthóirí a ghearrliostú arís eile tar éis an agallaimh agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar dhara babhta ar féidir go mbeidh cur i láthair i gceist leis.
- Beidh triúr ar a laghad ar an mbord agallaimh le haghaidh aon chéim réamhagallaimh. I gcás chéim an agallaimh babhta deiridh, is féidir go rachaidh ceathrú ball eile den bhord agallaimh isteach sa phainéal.
- Más gá d’iarrthóirí freastal ar agalla(i)mh, is ar a gcostas féin a bheidh sé. Ní féidir dáta(í) ná am(anna) an agallaimh a athrú. **Iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agalla(i)mh, etc., nuair is gá agus san áit is gá, ní bheidh aon éileamh ar a mbreithniú acu a thuilleadh agus measfar a n-iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**.
- Is féidir go ndícháileofar aon iarrthóirí a sholáthraíonn faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina n-iarratas nó is féidir go bhfoirceannfar a bhfostaíocht.
- Déanfaimid ár ndícheall iarrthóirí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn a n-iarratais a luaithe is féidir.
- Is féidir go mbunófar painéal ar féidir go dtairgfear aon phoist amach anseo ar leibhéal Stiúrthóra d’iarrthóirí oiriúnacha uaidh.

**Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofaí iad dá dtabharfadh siad faoi chanbhasáil agus nach mbeadh siad curtha san áireamh sa phróiseas dá bharr.**

## 5. An Próiseas Iarratais

Ní mór an ‘Fhoirm Iarratais le haghaidh phost an Stiúrthóra Gnóthaí Corparáideacha’ a chomhlánú agus a chur isteach i gceart chuig an seoladh ríomhphoist sonraithe. Ní

ghlacfar le foirmeacha iarratais atá curtha isteach go mícheart. Mar sin de, tabhair aird chúramach ar an bhfaisnéis seo a leanas:

**Ní mór an fhoirm iarratais a bheith i ndoiciméad Word is féidir a chur in eagar nó i bhformáid PDF. Nuair a bheidh an fhoirm iarratais comhlánaithe, sábháil an doiciméad mar:**

**“Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha - d’ainm.docx”.**

**Ceanglófar ort an fhoirm iarratais a cheangal le ríomhphost lena cur isteach nuair a bheidh sí comhlánaithe.**

**An fhoirm a chur isteach:**

Agus an fhoirm comhlánaithe agat, ceanglófar ort í a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas: recruitment@pleanala.ie

Ní ghlacfar isteach sa phróiseas comórtais ach amháin le hiarratais atá lán-chomhlánaithe san fhormáid chuí agus atá curtha isteach ar líne.

Má bhíonn aon deacrachtaí agat an fhoirm iarratais a chomhlánú nó a rochtain, seol ríomhphost chuig recruitment@pleanala.ie

Seolaimid admháil i leith gach iarratais a fhaightear. Mura mbeidh admháil faighte agat laistigh de thrí lá oibre ó iarratas a dhéanamh, seol ríomhphost chuig e.keane@pleanala.ie

**Ná cuir Curriculum Vitae isteach i dteannta d’iarratais toisc nach mbreithneofar é**

## Dáta Deiridh: 3.00 p.m., an 20 Feabhra 2026

**Socrú Réasúnach:**

Ba cheart d’iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, mar shampla daoine a bhfuil lagú soghluaisteachta, éisteachta nó radhairc orthu nó a bhfuil riocht néara-éagsúil orthu, an méid sin a shonrú ar a bhfoirm iarratais ionas gur féidir aon socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm i gcás go ngairfear chun agallaimh iad. Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir le socruithe, déan teagmháil le e.keane@pleanala.ie.

**Teistiméireachtaí**

Tosaigh ag déanamh breithniú ar ainmneacha daoine a mheasfá a bheith ina dteistiméirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (2 ainm agus mionsonraí teagmhála). Ní gá go gcuirtear d’fhostóir reatha ar áireamh sna teistiméirí, ach ba cheart dó/di a bheith ábalta teistiméireacht a chur ar fáil ar do shon. Is féidir leat a bheith cinnte de nach ndéanfaimis na mionsonraí a bhailiú ná dul i dteagmháil le teistiméirí ach amháin dá ndéanfaí breithniú ort tar éis chéim an agallaimh.

## 6. Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### 1. Ginearálta:

Is chuig post bunaithe sa tSeirbhís Phoiblí atá an ceapachán. Beidh feidhm ag tréimhse phromhaidh a mhairfidh bliain amháin ó dháta an cheapacháin. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach thíos, ní hionann é sin agus a rá nach bhfadófaí an tréimhse phromhaidh in imthosca cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, beidh feidhmíocht an cheapaí faoi réir athbhreithniú ag an bPríomhoifigeach chun a chinneadh:

(i) ar fheidhmigh an ceapaí go sásúil nó nár fheidhmigh,
(ii) an raibh an ceapaí sásúil ó thaobh iompair ghinearálta de, agus
(iii) an bhfuil an ceapaí oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an promhadh, déanfar cinneadh ar cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar an ceapaí. Bunófar an cinneadh sin ar fheidhmíocht an cheapaí, agus í á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas. Déanfar mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú don cheapaí, agus tabharfar cóip de na treoirlínte maidir le promhadh ón gCoimisiún Pleanála don cheapaí.

### 2. Tuarastal:

Ceanglófar ar gach iontrálaí nua sa tseirbhís phoiblí fostaíocht a thosú ag an íosphointe den scála. Is é seo a leanas an tuarastal **Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin** (RPP) don phost seo, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €106,021 | €110,520 | €114,983 | €119,481 | €123,275 UASTA | €127,211[1] LSI[1] | € 131,139[2] LSI[2] |

Féadfar breisíochtaí fadseirbhíse a íoc tar éis seirbhís shásúil 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana (LSI2) ag an bpointe.

Beidh feidhm ag an ráta sin freisin i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha a ceapadh an 06 Aibreán 1995 nó roimh an dáta sin é/í an ceapaí agus go gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

Beidh feidhm ag ráta difriúil i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí a earcaíodh roimh an 06 Aibreán 1995 é/í an ceapaí agus **nach gceanglaítear air/uirthi** Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur féidir go gcoigeartófar an ráta luach saothair ó am go ham ar aon dul le beartas pá an Rialtais. Féadfar breisíochtaí a dhámhachtain gach bliain faoi réir feidhmíocht shásúil.

***Nóta Tábhachtach:***
*Is féidir go mbeidh feidhm ag pá difriúil agus ag coinníollacha difriúla más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí atá ag fónamh faoi láthair é/í an ceapaí.*

Déanfar íocaíocht gach coicís i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid isteach i gcuntas bainc a roghnaíonn oifigeach. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh mionsonraí bainc tugtha.

**3. Tionacht**

Is post buan inphinsin é seo. Féadfaidh ceachtar taobh an fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith trí cibé fógra i scríbhinn is mó ná trí mhí a thabhairt, nó mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. I gcás mí-iompair, féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith gan aon fhógra agus gan aon íocaíocht in ionad fógra. In aon chás eile, ní mór aon fhoirceannadh fostaíochta ag an gCoimisiún a bheith ar chúiseanna sonraithe.

**4. Dualgais**

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais is cuí don phost agus a shannfar ó am go chéile a chomhlíonadh.

**5. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an gceapachán seo, de réir mar is cuí.

**6. Uaireanta Freastail:**

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad mar uaireanta freastail comhlána sa tseachtain – 35 uair an chloig glan ar shosanna lóin. Is iad 9.15 a.m. go dtí 5.30 p.m. ó Luan go hAoine na gnáthuaireanta freastail. Tá obair chumaisc ar fáil do bhaill foirne, faoi réir riachtanais an róil agus na rannóige a bhfuil siad sannta di.

**7. Saoire Bhliantúil:**

30 lá in aghaidh na bliana. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú sa státseirbhís, tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá, agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

**8. Sláinte:**
Ní mór d'iarrthóir don oifig agus d'aon duine atá i seilbh na hoifige bheith láninniúil agus lánábalta tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an oifig agus ní mór staid sláinte a bheith aige/aici a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh sé/sí in ann seirbhís éifeachtúil thráthrialta a chur ar fáil. Ceanglófar orthu sin atá á mbreithniú le haghaidh poist dearbhú sláinte agus carachtair a chomhlánú.

**9. Neamhláithreacht de dheasca breoiteachta:**
De réir fhorálacha Bheartas Bainistíochta Neamhláithreachta an Choimisiúin Pleanála agus de réir fhorálacha na gciorclán iomchuí maidir le saoire bhreoiteachta arna leasú ó am go ham, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Beidh ar cheapaithe a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an gCoimisiún Pleanála. Beidh íocaíocht tuarastail le linn na breoiteachta faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha saoire breoiteachta i ndáil leis an státseirbhís agus/nó leis an tseirbhís phoiblí go ginearálta agus beidh sí faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an gceapaí ar shochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

**10. Sannachán/Láthair:**
Beidh an t-iarrthóir rathúil lonnaithe in Oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. D01 V902. Nuair a cheanglaítear air/uirthi taisteal ar dhualgas oifigiúil, íocfar speansais chuí taistil agus liúntais chuí chothaithe leis an gceapaí, faoi réir ghnáthrialacháin na Státseirbhíse.

**11. Aoisliúntas:**
Déanfar na téarmaí agus coinníollacha pinsin cuí atá i réim sa Choimisiún Pleanála an tráth a thairgfear ceapachán a thairiscint don iarrthóir rathúil. Go ginearálta, agus seachas na hiarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach téarmaí scéime aonair iad) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine sular ceapadh iad (féach an nóta tábhachtach thíos), ciallaíonn sé sin ceapachán a bheith á thairiscint bunaithe ar chomhaltas sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Cuirfear iarrthóirí ar an eolas, tráth a thairgfear ceapachán dóibh, faoi cén scéim a mbeidh feidhm aici maidir leo.

Tháinig an Scéim Aonair dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 1 Eanáir 2013. Ón dáta sin ar aghaidh, beidh fostaithe nua sa tseirbhís phoiblí ina gcomhaltaí sa Scéim Aonair, rud lena soláthrófar pinsin sochair shainithe atá bainteach leis an

bpraghasinnéacs do thomhaltóirí ar bhonn an mheánphá gairme. Beidh aois íosta pinsin na Scéime ceangailte le haois an Phinsin Stáit (66 bliana faoi láthair, ach athróidh sé sin sa todhchaí ar aon dul le haois an phinsin seanaoise stáit). Beidh scor ina éigeantas d'fhormhór na gcomhaltaí ar 70 bliain d'aois a shroicheadh dóibh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí, féach:

http://www.per.gov.ie/pensions

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina c(h)omhalta i níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain sin dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, rud is inmhuirir ar ioncam inphinsin agus ar an ioncam sin amháin.

***Nóta Tábhachtach***

*Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil tráth a thairgfear ceapachán. Cinnfidh an Coimisiún Pleanála cé acu is "iontrálaí nua" é/í nó nach ea, i bhfianaise stair fostaíochta an cheapaí. Ceanglófar ar cheapaithe a stair iomlán seirbhíse poiblí a nochtadh.*

**Dearbhú**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidlíochtaí chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc) a dhearbhú.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an scéim pinsean d'Fhostaithe Stáit Bunaithe, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas: http://www.cspensions.gov.ie**

**12. Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompraíochta:**

Ceanglaítear ar Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha forálacha ailt 573 agus 575 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, a chomhlíonadh, ar forálacha iad a bhaineann le faisnéis rúnda a nochtadh agus le toirmeasc a chur ar chumarsáidí

áirithe i ndáil le haon ní atá le breithniú nó le cinneadh ag an gCoimisiún, nó ag aon cheann dá choistí nó dá ghrúpaí comhairleacha.

Aontóidh an ceapaí nach nochtfaidh sé/sí aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

**13. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995:**
Beidh an ceapaí faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

**14. Cód Iompair – Gníomhaíocht Pholaitiúil:**
De réir Chód Iompair an Choimisiúin, ní mór d'fhostaí dearbhú a thabhairt don Rúnaí maidir le comhaltas d'aon pháirtithe polaitíochta.

**15. Ceanglais ar an bhFoireann:**

Ceanglaítear ar gach fostaí cloí leis na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus a leagfaidh an Coimisiún síos ó am go ham.

**16. Fostaíocht Sheachtrach:**
Post lánaimseartha a bheidh sa phost seo, agus ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann as dá f(h)eidhmíocht nó a chuireann isteach ar a (h)ionracas.

**17. Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas:**
Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas ar oscailt do shaoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

**18. An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS):**
Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc, faoin Scéim sin, ar dhaoine a scoir cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**19. Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010):**
Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar

athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc agus, ina dhiaidh sin, beidh ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil chun aon duine a athfhostú.  Níl daoine a bhain leas as na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

**20. Dearbhú Leasa:**

Tá feidhm ag alt 523 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, maidir leis an gceapachán seo, agus beidh sé de dhualgas ar an duine a cheapfar chuig an bpost an dearbhú leasa riachtanach a dhéanamh san fhoirm fhorordaithe.
Ina theannta sin, de réir fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ceanglófar ar an gceapaí, i gcás go bhféadfadh aon leas tionchar ábhartha a imirt ar an gceapaí i gcomhlíonadh fheidhmeanna an phoist, nó i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin, ráitis leasanna a dhéanamh i scríbhinn san fhoirm fhorordaithe chuig an Rúnaí.

**21. Ráiteas Príobháideachta i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – Próiseas Earcaíochta:**

**An Chríoch ar Chuici a Phróiseáiltear Faisnéis Phearsanta**

Reáchtálann an Coimisiún Pleanála próiseas earcaíochta inniúlachtbhunaithe chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Chun é sin a chur i gcrích, iarrtar ar dhaoine aonair ar spéis leo foirm iarratais a chur isteach lena measúnú ag painéal agallaimh. I gcás an iarrthóra rathúil, beidh roinnt den fhaisnéis phearsanta a soláthraíodh ar an mbonn leis an gconradh fostaíochta (e.g., ainm) agus lena gcomhad pearsanra.

**An Bunús Dlí d'Fhaisnéis Phearsanta a Phróiseáil**

Tá sé riachtanach le haghaidh conradh a fheidhmiú nó chun dul isteach i gconradh den sórt sin

**Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014**

**Faighteoirí** Gheobhaidh na daoine seo a leanas d'fhaisnéis phearsanta ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos:

| Faighteoir | Cúis |
|---|---|
| An Fhoireann Acmhainní Daonna | An t-iarratas a stóráil, a admháil go bhfuarthas freagraí, agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí |
| TestReach | Fiontar a bhainistíonn agus a sholáthraíonn measúnú slán ar scrúduithe |
| An Painéal Agallaimh | Gheobhaidh an Painéal Agallaimh d'iarratas chun gearrliostú agus measúnú a dhéanamh ar iarratasóirí |
| Teistiméirí | Iarrfar ar na hiarrthóirí rathúla teistiméirí a sholáthar ar féidir teagmháil a dhéanamh leo chun taifid oibre a bhailíochtú agus chun tuairimí a thabhairt ar oiriúnacht an iarratasóra don phost a bhfuil iarratas á dhéanamh air. Rachfar i dteagmháil leo chun foirm a chomhlánú, agus ní mór ainm/seoladh an iarratasóra a sholáthar chun an teistiméireacht a fháil. |
| Comhairleoir Liachta an Choimisiúin Pleanála | Is féidir go n-úsáidfimid do mhionsonraí pearsanta chun tú a atreorú chuig ár gcomhairleoir liachta má thugtar aon saincheisteanna i d'fhoirm Sláinte Féinmheasúnaithe chun suntais. Seolfar cóip den fhoirm dearbhaithe freisin chuig an bPríomhoifigeach Míochaine i gcás atreoraithe. |

**Mionsonraí faoi Aistrithe Sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach**

Ní dhéantar aon sonraí a phróiseáil lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Cinnteoireacht Uathoibrithe**

Ní bhaineann sé seo leis an bpróiseas seo.

**Tréimhse Choinneála le haghaidh Sonraí Pearsanta**


Coinneofar iarratais ar feadh 12 mhí d'iarrthóirí neamhrathúla. I gcás iarrthóir rathúil, cuirfear a (h)iarratas ar a c(h)omhad fostaí agus coimeádfar é ar feadh thréimhse a f(h)ostaíochta agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin.

**Do Chearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a mhéid a bhaineann leis an bPróiseas seo**

| Ceart | Míniú |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh tú rochtain a iarraidh agus a fháil tráth ar bith ar an bhfaisnéis a iarradh sa phróiseas. |
| Iniomparthacht | Féadfaidh tú cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil i bhformáid leictreonach/inaistrithe tráth ar bith. |
| Léirscriosadh | Féadfaidh tú a iarraidh go léirscriosfaí na sonraí atá á sealbhú. Leagamar an tréimhse choinneála réamh-mheasta amach thuas. |
| Ceartú | Féadfaidh tú a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis atá mícheart, de bharr í a bheith á nuashonrú nó ar chúis eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag na spriocdhátaí le haghaidh iarratas fós. Mar sin de, ní fhéadfar aon fhaisnéis seachas faisnéis teagmhála a athrú tar éis an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil. |
| Agóid | Féadfaidh tú agóid a dhéanamh in aghaidh an fhaisnéis seo a bheith á próiseáil agus féadfaidh tú a iarraidh go mbainfí d'iarratas den phróiseas. |
| Gearán a Dhéanamh | Féadfaidh tú gearán a dhéanamh lenár nOifigeach inmheánach Cosanta Sonraí (tá mionsonraí teagmhála leagtha amach thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta ábhartha – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. |

**Mionsonraí Teagmhála: Ríomhphost:** dataprotection@pleanala.ie

**Aguisín 1 – Eagraghram reatha an Choimisiúin Pleanála**



**Aguisín 2 – Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach**

**Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha**

**Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach**

- Treoraíonn sé/sí an fhoireann, leagann sé/sí ardchaighdeáin síos, téann sé/sí i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta, agus éascaíonn sé/sí ardfheidhmíocht.
- Rannchuidíonn sé/sí le straitéis agus beartais na heagraíochta a mhúnlú.
- Forbraíonn sé/sí cumas agus acmhainn ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach.
- Forbraíonn sé/sí cultúr foghlama agus forbartha, agus cóitseáil agus aiseolas cuiditheach/tacúil á dtairiscint aige/aici.
- Treoraíonn sé/sí an obair chun ullmhú d'athruithe suntasacha agus athchóiriú suntasach agus chun na hathruithe agus an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme.
- Réamh-mheasann sé/sí forbairtí san earnáil/sa mhórthimpeallacht agus freagraíonn sé/sí go tapa dóibh.
- Comhoibríonn sé/sí le geallsealbhóirí iomchuí, de réir mar is cuí d'fheidhm an Bhoird agus dá Chód Iompair.
- Cuireann sé/sí meas agus dínit san áit oibre chun cinn agus, más gá, déanann sé/sí idirghabháil ghníomhach chun a chinntiú go bhfuil meas iomlán ar an gcur chuige sin sa rannóg/sa rannán/san eagraíocht

**Breithiúnas agus Cinnteoireacht**

- Sainaithníonn sé/sí croí-shaincheisteanna, agus díríonn sé/sí orthu, agus é/í ag déileáil le faisnéis chasta/cásanna casta.
- Feiceann sé/sí na ceangail idir saincheisteanna agus tuigeann sé/sí go tapa na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla.
- Sainaithníonn sé/sí réitigh chomhleanúnacha ar shaincheisteanna casta.
- Téann sé/sí i mbun gnímh, agus déanann sé/sí cinntí go tráthúil agus bíonn sé de mhisneach aige/aici coinneáil leis na cinntí sin go deireadh.
- Déanann sé/sí cinntí fónta eolacha, agus tuiscint aige/aici ar an tionchar agus na himpleachtaí a bheidh acu.
- Féachann sé/sí le cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir an timpeallacht sheachtrach, gnéithe airgeadais/reachtacha agus polaitiúla, agus an tionchar ar an gcustaiméir.

**Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar**

- Cuireann sé/sí tús le torthaí/seirbhísí a sholáthar ina réimse féin agus glacann sé/sí freagracht phearsanta as na torthaí/na seirbhísí sin.
- Baineann sé/sí cothromaíocht amach idir straitéis agus mionsonraí oibríochtúla chun freastal ar riachtanais ghnó.

- Bainistíonn sé/sí roinnt clár oibre agus tascanna ag an aon am amháin agus ath-leithdháileann sé/sí acmhainní chun athruithe ó thaobh dírithe de a bhainistiú.
- Baineann sé/sí úsáid bharrmhaith as acmhainní agus cuireann sé/sí tomhais feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach.
- Cinntíonn sé/sí go mbaintear úsáid bharrmhaith as TFC agus as samhlacha nua soláthair.
- Déanann sé/sí athbhreithniú criticiúil ar thionscadail agus gníomhaíochtaí chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus go gcomhlíonann siad riachtanais na heagraíochta.
- Leagann sé/sí béim ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, le luach ar airgead, agus le ceanglais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil a f(h)oireann dírithe agus go ngníomhaíonn sí de réir thosaíochtaí an phlean gnó, fiú amháin agus í faoi bhrú.

**Caidrimh a Thógáil agus Cumarsáid**

- Labhraíonn agus scríobhann sé/sí ar bhealach soiléir, glinn agus éifeachtach.
- Éisteann sé/sí go gníomhach, agus é/í ag iarraidh dearcadh agus seasamh daoine eile a thuiscint.
- Oibríonn sé/sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, agus an teannas a eascraíonn as dearcthaí geallsealbhóirí difriúla á aithint agus á bhainistiú aige/aici.
- Déanann sé/sí caidreamh réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus ar fud comhlachtaí eile, agus tógann sé/sí líonraí gairmiúla láidre.
- Cuireann sé/sí a t(h)uairimí in iúl nuair a bhraitheann sé/sí gur ceart déanamh amhlaidh.

**Treallús agus Tiomantas**

- Déanann sé/sí dianiarracht sheasmhach ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach.
- Léiríonn sé/sí tiomantas pearsanta don ról, agus diongbháilteacht agus dianseasmhacht á gcoinneáil ar bun aige/aici.
- Is duine ionraic iontaofa é/í, a dhéanann de réir a g(h)ealltanas.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár na seirbhísí go léir a sholáthraítear.
- Tá sé/sí athléimneach, agus guaim á coinneáil air/uirthi féin, fiú amháin i ndroch-chora nó i gcora dúshlánacha.
- Cuireann sé/sí cultúr chun cinn ina gcothaítear na caighdeáin is airde eitice agus ionracais.

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Forbraíonn sé/sí scileanna agus saineolas ar fud roinnt gnéithe a bhaineann lena réimse féin agus a n-aithníonn daoine eile iad, idir dhaoine laistigh den eagraíocht agus dhaoine lasmuigh di.
- Coinníonn sé/sí ar an eolas faoi phríomhbheartais eagraíochtúla, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus faoi threochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a dhéanann difear don ról.
- Coinníonn sé/sí díriú láidir ar fhéinfhorbairt, agus é/í ag iarraidh aiseolais agus deiseanna le haghaidh fáis.